Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0214

Coinbhinsiún na Háige (1980) ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí: aontachas Cabo Verde

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2026 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, glacadh le haontachas Cabo Verde le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí (COM(2026)0063 – C10-0081/2026 – 2026/0041(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2026)0063),

– ag féachaint d'Airteagal 38, an ceathrú mír, de Choinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí,

 ag féachaint d'Airteagal 81(3) agus d'Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0081/2026),

– ag féachaint don tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais[1] maidir le hinniúlacht eachtrach eisiach an Aontais Eorpaigh i gcomhair dearbhú glactha d'aontachas le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí,

– ag féachaint do Riail 84 agus 117(8) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0157/2026),

1. ag formheas an údaraithe do na Ballstáit, chun leasa an Aontais Eorpaigh, glacadh le haontachas Cabo Verde le Coinbhinsiún na

[1] Tuairim 1/13 ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Deireadh Fómhair 2014, ECLI:EU:C:2014:2303.

Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, chomh maith leis sin chuig Oifig Bhuan Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach.